## Ceacht 1: Cad é atá i gceist le hinnealtóireacht shóisialta?

**Tasc 1: Féach ar an bhfíseán "Watch how a social engineering hack works"**

https://edition.cnn.com/videos/business/2019/10/17/hacked-tech-reporter-social-engineer-orig.cnn-business
Cheap tuairisceoir teicneolaíochta CNN Donie O'Sullivan go raibh sé sábháilte ar na meáin shóisialta. Féach an t-innealtóir sóisialta & Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SocialProof Security Rachel Tobac á bhréagnú sin.

**Tasc 2: Pléigh an físeán**
Sainaithin 3 rud a d'úsáid na haiceálaithe chun Donnie a haiceáil. Sainaithin 3 rud a d'fhéadfadh Donnie a dhéanamh chun é féin a chosaint ó haiceáil?

Físeán níos mionsonraithe: Agallamh leis an haiceálaí Kevin Mitnick maidir leis an Innealtóireacht Shóisialta, fear a bhfuil a ghnó féin anois aige agus é i mbun haiceáil eiticiúil.https://www.knowbe4.com/what-is-social-engineering/

**Tasc 3: Smaoinigh/Faigh Péire/Comhroinn: Sainmhíniú ar Innealtóireacht Shóisialta a fhorbairt**
Tar éis féachaint ar an bhfíseán is féidir le scoláirí a sainmhíniú féin ar innealtóireacht shóisialta a chur le chéile agus ansin é a chur i gcomparáid le sainmhíniú a bpáirtí Cén ceann is fearr leat? Cén fáth? Conas a d'fhéadfaí é a fheabhsú? Is féidir le péirí bogadh ansin chuig grúpaí níos mó agus an próiseas a dhéanamh arís.

**Tasc 4: Bainteach le samplaí ón bhfíorshaol** Cad é atá i gceist le hinnealtóireacht shóisialta? https://youtu.be/5ZqNX6YeH6c

An féidir leat smaoineamh ar aon sampla d'innealtóireacht shóisialta a bhfuil taithí agat air? Conas a rinneadh iarracht tabhairt ort faisnéis a thabhairt ar shiúl? An bhfuil innealtóireacht shóisialta nua? An féidir leat smaoineamh ar shamplaí den innealtóireacht shóisialta a bhí ann sula raibh an t-idirlíon ann? (leid: an samplaí d'innealtóirí sóisialta iad Séance, fortune tellers?) Cad iad na tréithe a bheadh de dhíth ort le bheith i do haiceálaí maith ag baint úsáid as innealtóireacht shóisialta?

**Tasc 6/Obair Bhaile: Sainaithin 5 chineál innealtóireacht shóisialta agus scríobh abairt i d'fhocail féin a mhíníonn conas a oibríonn sé.**

**Tuilleadh:** Féach ar an scannán Catch Me If You Can (PG-13) nó léigh an t-alt https://www.businessinsider.com/frank-abagnale-crimes-2012-4?r=US&IR=T#he-forged-hisown-pilots-id-and-faa-license-3

Cén bhaint atá ag an scannán/alt seo leis an innealtóireacht shóisialta? An féidir leat cleasanna a aithint a úsáideann Frank Abagnale a bhféadfadh haiceálaithe nua-aimseartha a úsáid freisin?

### Ceacht 2: Tionscadal – cur ar bun

Tasc 1 - Roghnaíonn gach grúpa ceann de na topaicí seo a leanas - na topaicí a chlúdaigh siad mar obair bhaile. Is féidir le ceacht a haon a bheith cabhrach anseo chun grúpaí a chur le chéile agus tús a chur leo.

- Fioscaireacht
- Glaoscaireacht
- Smioscaireacht
- Cumadh cúinse
- Dreasaireacht
- Dranntiomáint
- Haighdeáil
- Quid Pro Quo
- Mealladh
- Atreorú mailíseach
- Gliúcaíocht

Tasc 2 Uirlis Phleanála don Tionscadal

Léann na scoláirí trí na ceannteidil, déanann siad na chéad chéimeanna a phleanáil, socraíonn siad an obair a chuirfear i láthair agus tugtar ról do gach duine acu ag baint úsáid as an tábla thíos.

Pléitear ceannteidil bhuí agus freagraítear iad mar ghrúpa. Is féidir na codanna glasa a thabhairt amach mar thopaicí aonair laistigh den ghrúpa. Is féidir leo a chinneadh cé mhéad ceannteideal ba cheart do gach duine a ghlacadh.

| Ceannteideal - Cé a d'aontaigh? | Cé | Na chéad chéimeanna/gníomhartha eile |
|---|---|---|
| Céard é? | | |
| Conas a oibríonn sé? | | |
| Samplaí | | |
| Cé a bhaineann tairbhe as? | | |
| Frithbhearta gnólachtaí/rialtais | | |
| Frithbhearta Pearsanta | | |
| Clúdach sna Meáin | | |
| Cad é ba cheart a dhéanamh faoi, dar leat? | | |
| Ceisteanna eile atá agat | | |

### Ceacht 4 - Forbairt tionscadail

Forbairt tionscadail agus comhordú chur i láthair an tionscadail. Leanann scoláirí orthu ag úsáid uirlis phleanála an tionscadail chun foghlaim a thaifeadadh, a chinntiú go bhfuil ról ag gach duine, agus na chéad chéimeanna eile a phleanáil.

Roghnaíonn agus pleanálann scoláirí conas is mian leo a dtionscadal a chur i láthair m.sh. scéalaíocht, athinsint dhrámatúil, tugtar aghaidh ar na ceannteidil ar fad sa tábla pleanála.

### Ceacht 5/6 Cur i láthair agus féachaint ar thionscadail

Déanann na scoláirí na rudaí seo a leanas -

- an rud a dhéanann gach cineál innealtóireacht shóisialta difriúil a aithint
- an rud atá acu go léir i gcoiteann a aithint
- frithbhearta pearsanta coitianta a aithint
- na cineálacha éagsúla innealtóireacht shóisialta a rátáil i dtéarmaí an bhagairt a bhaineann leo.

### Ceacht 7/Machnamh ar an Obair Bhaile

Dear póstaer / scríobh blag / cruthaigh físeán / TikTok / Reel ag cur comhairle ar dhaoine (nó lucht féachana) conas ceann de na hionsaithe seo a sheachaint

Nó

Scríobh litir chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus Gaeltachta ag cur síos ar na céimeanna ba chóir don rialtas a ghlacadh chun daoine a chosaint ar ionsaithe.

Acmhainní Molta: https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2020-04/Guidance_for_Organisation s_on_Phishing_and_Social_Engineering_Attacks_Oct19.pdf
https://www.itgovernance.eu/en-ie/phishing-penetration-test-ie
https://www.bbc.co.uk/bitesize/guides/znnny4j/revision/2 https://www.knowbe4.com/